Fada dhomh an laigh-se

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 25, p. 194]

A ughdar so An Barún Eóghan Mac Combaigh

1 Fada dhomh an laigh-se,
allmhurach liom mo shláinte;
bheirinn do luach leaghais bhuaim
dá mbudh liom na táinte.

2 Táin bó Cuailnge, ceathra throm
táin bó Darta is bó Fliodhais
do-bheirinn is an tarbh trom,
dá mbudh liom, i luach leaghais.

3 Greagh is eachraidh Mhanannáin,
claidheamh is corn mhic Cumhaill,
dúdach Mhanannáin bheirinn,
’s ga bolga Chon Chulainn.

4 Ór Éibhir is Éireamhóin,
’s é bheith agam im chomhra,
cruit Chuircheoil do cheileadh brón,
*agus* sgiath ríogh na [....................].

5 Long Laoimein nár luime lí,
’s í bheith agam ar cladach,
do-bheirinn-se a h-uile chí
sul bhiam mar so ré fada.

6 Fada liom gan Alasdair
Mac an Tóisigh a theachta;
dh’fhuadaicheadh sé am galar-sa,
nach beinn mar so ré fada.